Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

13378/22

CES 32

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE (AE) lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne,**
**de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas na Spáinne,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

1 IO L 139, 27.5.2019, lch. 15.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(2) den Chonradh, tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa le bheith comhdhéanta d'ionadaithe d'eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha.

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1392[1] lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tagtha chun bheith folamh tar éis do Patricia CÍREZ MIQUELEIZ éirí as oifig.

(4) Chuir Rialtas na Spáinne Isabel YGLESIAS JULIÀ, *Jefa de Asuntos de la Unión Europea y delegada en la Unión Europea de la CEOE (Confederación Española de Organizaciones Empresariales)* (Ceann Ghnóthaí an Aontais agus Toscaire CEOE (Cónaidhm na Spáinne d'Eagraíochtaí Gnó) chuig an Aontas), lena ceapadh ina comhalta de Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/1392 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n- aisghairtear agus lena n- ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 (IO L 322, 5.10.2020, lch. 1).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Isabel YGLESIAS JULIÀ, *Jefa de Asuntos de la Unión Europea y delegada en la Unión Europea de la CEOE (Confederación Española de Organizaciones Empresariales)* (Ceann Ghnóthaí an Aontais agus Toscaire CEOE (Cónaidhm na Spáinne d'Eagraíochtaí Gnó) chuig an Aontas), ina comhalta de Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*